**COMHDHÁIL IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT**

**An Bhruiséil, 27 Meán Fómhair 2024 (OR. fr)**

PUBLIC

**13841/24**

**LIMITE**

**JUR 478**
**INST 336**
**COUR 52**

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH Ó IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT lena gceaptar Breitheamh den Chúirt Bhreithiúnais |

**CINNEADH (AE) 2024/…**
**Ó IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT**

**an …**

**lena gceaptar Breitheamh den Chúirt Bhreithiúnais**

PUBLIC

TÁ IONADAITHE RIALTAIS BHALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 253 agus 255 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rachaidh téarma oifige 13 Bhreitheamh agus 5 Abhcóidí Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais in éag an 6 Deireadh Fómhair 2024.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, ceapacháin a dhéanamh do na poist sin don tréimhse dar tús an 7 Deireadh Fómhair 2024 agus dar críoch an 6 Deireadh Fómhair 2030.

(3) Sa chomhthéacs sin, moladh go ndéanfaí athnuachan ar théarmaí oifige Andreas KUMIN mar Bhreitheamh den Chúirt Bhreithiúnais.

(4) Thug an painéal, a cuireadh ar bun faoi Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tuairim fhabhrach uaidh ar oiriúnacht an iarrthóra sin feidhmeanna Breithimh den Chúirt Bhreithiúnais a fheidhmiú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Andreas KUMIN ina Bhreitheamh den Chúirt Bhreithiúnais don tréimhse ón 7 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2030.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa ..., an …

*An tUachtarán*

PUBLIC